

Clár um Fhorbairt Tuaithe LEADER 2014-2020 “Léiriú Spéise” á Lorg - Na hEalaíona agus an Cultúr

Chun tacú le pobail tuaithe teacht a bheith acu ar réimse saoráidí ardchaighdeáin sóisialta agus áineasa, tá “Léiriú Spéise” á lorg ag Forbairt Áitiúil Loch Garman (WLD) le haghaidh cistiú do thionscadail faoi stiúir an phobail a bhfuil de chuspóir acu ealaíona agus cultúr uathúil a gceantair nó a gcontae a chaomhnú nó a fhorbairt. Tugtar cuireadh do léiriú spéise do thionscadail atá le tosú in 2019, faoin ngníomh seo a leanas:

Tionscadail Ealaíon agus Chultúir a Fhorbairt

Buiséad Iomlán: €93,000

Caithfidh iarratasóirí próiseas iarratais dhá chéim a chomhlánú:

- Céim 1: Foirm “um Léiriú Spéise” a chomhlánú agus a sheoladh ar aghaidh, agus déanfar an cinneadh cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an togra cuspóirí Straitéis Forbartha Áitiúil Loch Garman agus an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé Rialacha Oibriúcháin Chlár LEADER.
- Céim 2: Tabharfar cuireadh d’iarratasóirí a n-éiríonn leo ag Céim 1 chun iarratas iomlán a sheoladh ar aghaidh ina bhfuil costálacha mionsonraithe, plean forbartha pobail agus cáipéisíocht ghaolmhar, faoi mar a theastaíonn. *Má bhaintear céim an iarratais amach, ní thugann sin le fios go mbronnfar deontas ort mar gheall gur próiseas iomaíoch é. Déanfar tionscadail a mheasúnú in aghaidh critéir réamhchinnte, agus tá sonraí fúthu siúd ar fáil ó leader@wld.ie*

Tabhair faoi deara, le do thoil: Cé gurb é an cúnamh deontais uasta incháilithe d’aon tionscadal aonair €150,000, nuair a chuirtear san áireamh gur próiseas iarratais iomaíoch é seo agus an buiséad iomlán don ghairm seo, is dóchúil go mbeidh an cúnamh deontais uasta a bhronnfar ar aon tionscadal níos lú ná an méid seo.

Tá foirmeacha um Léiriú Spéise ar fáil lena n-íoslódáil ó www.wld.ie/leader.

Is é an spriocdháta chun foirmeacha um léiriú spéise comhlánaithe, sínithe agus dátaithe a fháil 12 meán lae, an 13 Meitheamh 2018.

Chun teacht ar bhreis faisnéise ar chritéir cháilitheacha, an cháipéisíocht eile atá ag teastáil, amfhrámaí tásca, etc., seol ríomhphost, le do thoil, chuig: leader@wld.ie
Tá an fógra seo ar fáil i nGaeilge ag www.wld.ie/leader.



Department of Rural and
Community Development

An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail



The European Agricultural Fund
for Rural Development: Europe
investing in rural areas



Ireland's European Structural and
Investment Funds Programmes
2014-2020

Co-funded by the Irish Government
and the European Union